



Údarás na  
Gaeltachta

# Folúntas

## Bainisteoir Forbartha Gnó

### Coláiste Íosagáin, Baile Bhuirne

Conradh 3 bliana

Tá Údarás na Gaeltachta, i dteannta páirtithe eile, i bhfeighil togra straitéiseach chun forbairt a dhéanamh ar Choláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne. Glacfar le hiarratais anois chun Bainisteoir Forbartha Gnó a cheapadh ar chonradh trí bliana. Déanfaidh an té a cheapfar plean gnó an togra a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm. Beidh sí/sé ag tuairisciú go díreach chuig Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt Údarás na Gaeltachta. Caithfidh an t-iarrthóir rathúil bainistiú, margaíocht agus forbairt a dhéanamh ar réimse seirbhísí na háise agus foireann a threorú chun an áis agus na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil ann a bhainistiú.

#### Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as;

- Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí institiúidí réigiúnacha chun plean forbartha straitéiseach ginearálta a aontú ag leibhéal réigiúnach chun Mol Digiteach Réigiúnach a bhunú i gColáiste Íosagáin mar chuid lárnach d'infreastruchtúr forbartha fiontraíochta.
- “Éiceachóras” fiontraíochta cuimsitheach a fhorbairt chun tacú le riachtanais forbartha agus fáis fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrithionscadail reatha ag leibhéal réigiúnach.
- Gnólachtaí nua-thionscanta agus reatha a éascú, a chothú agus a fhorbairt laistigh den dobharcheantar réigiúnach.
- Idirghabháil ríthábhachtach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaí na príomhspríocanna oibriúcháin a bhaint amach chun fostaíocht nua agus deiseanna forbartha gnó a chruthú trí ghnólachtaí fiontraíochta nua a éascú agus a chothú agus cabhrú le gnólachtaí reatha forbairt agus leathnú laistigh den dobharcheantar réigiúnach.

#### An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt na Gaeilge agus cruinneas i scríobh na Gaeilge.
- Cáilíocht tríú leibhéal sa ghnó nó a chomhionann de cháilíocht.
- 5 bliana ar a laghad de thaithí cháilíochta chuí iarchéime.
- Taithí bhainistíochta chuí agus ábaltacht oibre cruthaithe a léiriú maidir le tacú le comhlachtaí nua-thionscanta agus cabhrú leo táirgí, seirbhísí agus margaí nua a fhás agus a fhorbairt.
- Taithí chuí i bhforbairt gnó a léiriú agus a bheith in ann margaíocht a dhéanamh agus fiontair oiriúnacha a mhealladh go hionad fiontraíochta gnó.
- Taithí agus tacar sainscileanna chun príomhchaidrimh ghnó a bhunú le hinfheisteoirí ón earnáil phríobháideach, leis na gníomhaireachtaí forbartha, leis na comhlachtaí poiblí agus le geallsealbhóirí áitiúla, réigiúnacha agus leis an bpobal i gcoitinne, a léiriú.
- Taithí ar a bheith ag obair le geallsealbhóirí éagsúla ar thograí tógála.

Íocfar scála tuarastail idir €65,000 - €68,000 sa bhliain thar an tréimhse trí bliana i gceist.

Beidh na hamanna oibre solúbtha chun freastal ar riachtanais na gcliant.

Seol CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. Dé Máirt, 21ú Meán Fómhair 2021.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*